2023/2506

10.11.2023

RIALACHÁN (AE) 2023/2506 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Samhain 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/2487 ón gComhairle an 9 Samhain 2023, lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES a bhaineann bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir ('PAL'), chun éifeacht a thabhairt do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle ([3]).

(2) An 27 Iúil 2023, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2693 (2023) ('Rún 2693 2023 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe'). Bunaítear leis an Rún sin nach bhfuil feidhm le bheith a thuilleadh ag na bearta trádbhac arm ná ag na ceanglais ghaolmhara maidir le fógra a thabhairt maidir le soláthar, díol nó aistriú arm agus trealamh agus soláthairtí gaolmhara, agus maidir le cúnamh, comhairle agus oiliúint a chur ar fáil d'fhórsaí slándála PAL, lena n-áirítear institiúidí sibhialta forfheidhmithe dlí an stáit.

(3) An 9 Samhain 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/2487, lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES i gcomhréir le Rún 2693 (2023) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(4) Tagann roinnt de na leasuithe seo faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, is gá gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha iad i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I Rialachán (AE) Uimh. 224/2014, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3, pointe (e):

'(e) a bhaineann le soláthairtí arm agus trealamh gaolmhar agus soláthairtí gaolmhara de gach cineál, lena n-áirítear airm agus armlón, feithiclí agus trealamh míleata, trealamh paraimíleata, agus páirteanna spártha do fórsaí slándála PAL thuasluaite, lena n-áirítear institiúidí sibhialta stáit um fhorfheidhmiú an dlí.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L, 2023/2487, 10.11.2023, http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2487/oj.
([2]) Rialachán (AE) ón gComhairle Uimh. 224/2014 an 10 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir (IO L 70, 11.3.2014, lch. 1).
([3]) Cinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle an 23 Nollaig 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir (IO L 352, 24.12.2013, lch. 51).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Samhain 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
N. CALVIÑO SANTAMARÍA